Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**10859/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0170(NLE)**

**ECOFIN 859**
**UEM 287**
**FIN 926**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Chipir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 17 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021’). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 16 Iúil 2024[4], an 21 Eanáir 2025[5], an 20 Meitheamh 2025[6] agus an 12 Nollaig 2025[7].

(2) An 29 Bealtaine 2026 rinne an Chipir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an gCipir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chipir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 54 bheart.

---

[2] Féach doiciméid: ST 10686/21 agus ST 10686/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid: ST 15571/23, ST 15571/23 ADD 1 agus ST 15571/23 ADD 1 COR 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid: ST 11806/24 agus ST 11806/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[5] Féach doiciméid: ST 17052/24 agus ST17052/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[6] Féach doiciméid: ST 9585/25 agus ST 9585/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[7] Féach doiciméid: ST 15743/25 agus ST 15743/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Chipir nach féidir cúig bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de bharr easpa éilimh. Baineann sé sin le bearta C2.1I9 (Cosaint dóiteáin foraoisí), C2.2I1 (Tionscadail Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (SUMP) agus bearta feabhsaithe inrochtaineachta), C3.4I6a (Athghiniúint agus Athbheochan Lárchathair na Niocóise), C5.1R4 (Claochlú digiteach aonad scoile d'fhonn tacú le scileanna digiteacha agus scileanna a bhaineann le hoideachas ETIM), agus C6.1I6 (Beart méadaithe: Clár cistiúcháin téamach um thaighde agus nuálaíocht maidir leis an aistriú glas). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Mhínigh an Chipir nach féidir trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh i ngeall ar mhoilleanna gan choinne ar an gcur chun feidhme. Baineann sé sin le bearta C1.1I5 (Oibreacha tógála agus trealamh nua in Ospidéil Stáit na Cipire), C3.4I5 (Cathracha cliste) agus C5.1R2 (Córas nua meastóireachta múinteoirí agus scoile). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Mhínigh an Chipir nach féidir cúig bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh i ngeall ar shaincheisteanna teicniúla maidir leis an gcur chun feidhme. Baineann sé sin le bearta C1.1I7 (Córas rabhaidh phoiblí le haghaidh oibríochtaí éigeandála), C3.4R9 (Claochlú digiteach na gcúirteanna), C3.5R4 (Córas digiteach le haghaidh malartú sonraí agus soláthar seirbhísí scórála creidmheasa), C3.5R9 (Digiteáil an bhailithe cánacha) agus C4.2I2 (Digiteáil Údarás Calafort na Cipire). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá sé mínithe ag an gCipir nach féidir aon bheart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar force majeure. Baineann sé sin le beart C3.1R3 (Feabhas géiniteach ar líon caorach agus gabhar na Cipire). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an gCipir go bhfuil beart amháin leasaithe chun rogha malartach ar follasach gur fearr í a chur chun feidhme chun a uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le beart C2.1R1 (Cánachas comhshaoil). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí an bheart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Tá mínithe ag an gCipir go bhfuil 36 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta C1.1R1 (An Lárionad Náisiúnta um Fhianaise Chliniciúil agus um Fheabhsú Cáilíochta), C2.1I1 (Infheistíochtaí coigilte fuinnimh in FBManna agus in eagraíochtaí neamhbhrabúsacha), C2.2I2 (Bonneagar leictrea-shoghluaisteachta a chruthú), C2.3I2 (Gléasraí Cóireála Uisce), C2.3I4 (Bainistiú Líonraí Cliste Uisce agus Séarachais), C2.3I5 (Bearta friththuilte agus bailithe uisce), C2.3I6 (Tionscadail slándála uisce), C3.1R1 (Cleachtais talmhaíochta a bhogadh ón 20ú haois go dtí an 21ú haois trí infheistíocht a dhéanamh in ionad náisiúnta barr feabhais san agra-theicneolaíocht), C3.1I6 (Scéim chun tacú le táirgeadh fiontar in earnáil na talmhaíochta), C3.1I8 (Breisluach na turasóireachta), C3.1I9 (An geilleagar ciorclach in óstáin), C3.1I10 (Saibhriú na turasóireachta), C3.1R4 (An geilleagar ciorclach), C3.1I11 (Líonra Pointí Glasa na Cipire a leathnú), C3.2R1 (Beartas Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta), C3.3R2 (Tacú le Sásra Mearghníomhachtaithe Gnó), C3.3R4 (Gníomhaireacht Náisiúnta Cur Chun Cinn a ionchorprú), C3.4R1 (Tacú le feidhmiú an riaracháin phoiblí), C3.4R4 (An soláthar poiblí a dhigiteáil), C3.4I3 (Mol Samhaltaithe Beartais Eacnamaíoch), C3.4R7 (Comhdhlúthú talún uirbí), C3.4I4 (An ríomhchóras chun ceadanna tógála a eisiúint), C3.5R8 (Maoirseacht ar Chistí Árachais agus Pinsin a fheabhsú), C3.5R10 (Aghaidh a thabhairt ar Phleanáil Ionsaitheach Cánach), C3.5I2 (Nuachóiriú ar an gCóras Custam agus Íocaíochta Leictreonaí), C4.2R1 (Monarcha na Seirbhísí Digiteacha (DSF)), C4.2R3 (Digiteáil nósanna imeachta póilíneachta (Digipol)), C4.2I1 (Digiteáil in aireachtaí/seirbhísí rialtais láir éagsúla), C5.1R3 (Leathnú de réir a chéile ar oideachas réamh-bhunscoile éigeantach saor in aisce ó 4 bliana d’aois), C5.1R5 (Plean Gníomhaíochta um Ríomhscileanna – Gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme), C5.2R2 (Socruithe oibre solúbtha i bhfoirm teilea-oibre), C5.2I2 (Ionaid Ilfheidhmeacha agus Ionaid Cúraim Leanaí a bhunú), C5.2I3 (Struchtúir bhaile a bhunú do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu), C5.2I4 (Ionaid leanaí i mbardais), C5.2I5 (Dhá shamhail de scoileanna oideachais speisialta a thógáil) agus C5.2R1 (Athchóiriú ar an gCóras Árachais Shóisialta agus Athstruchtúrú na Seirbhísí Árachais Shóisialta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go leasófaí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Tar éis an laghdaithe ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an gCipir úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh leis an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme trí bheart a mhéadú. Baineann sé sin le bearta C2.1I2 (Foinsí fuinnimh in-athnuaite agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh i dteaghaisí agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh i dteaghlaigh ina bhfuil tomhaltóirí leochaileacha leictreachais), C2.2I3 (Úsáid Feithiclí Leictreacha (EVanna) a chur chun cinn) agus C6.1I1 (Beart méadaithe: foinsí in-athnuaite fuinnimh agus bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh i dteaghaisí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCipir go ndéanfaí leibhéal cur chun feidhme trí bheart a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Dáileadh cloch míle agus spriocanna*

(11) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Chipir i láthair a chur san áireamh.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar sciar suntasach de na dúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha*

(13) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go héifeachtach le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar sciar suntasach de na dúshláin (rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha a dhírítear chuig an gCipir, lena n-áirítear gnéithe fioscacha díobh, nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(15) Coinneofar ar bun uaillmhian fhoriomlán na caibidle REPowerEU. Bíodh is gur laghdaíodh beart amháin beagán de bharr easpa éilimh, méadaíodh beart eile lena gcuirtear fuinsí fuinnimh in-athnuaite chun cinn, agus dá bhrí sin rannchuidíonn an chaibidil go héifeachtach agus go mór leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus leis an laghdú ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030. Dá bhrí sin, rannchuidíonn an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe go héifeachtach le cuspóirí Airteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 43,30 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus 94,18 % de chostas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(17) Tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór le spriocanna aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach agus cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050 á chomhlíonadh an tráth céanna. Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú glas a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí. Cé go ndearnadh beart amháin maidir le tionscadail Taighde agus Nuálaíochta ghlasa a laghdú beagán, rinneadh beart amháin maidir le feithiclí leictreacha a mhéadú, rud a d'fhág go raibh méadú 2,79 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Dá bhrí sin, níl tionchar ag na bearta a leasaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 29,15 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin. Tá glanlaghdú 2,93 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta. Mar sin féin, níl tionchar ag na bearta arna leasú ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú digiteach. Tá an measúnú dearfach ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach a thugtar i gCinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle fós bailí.

*Costáil*

(19) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(20) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh an bhirt atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena mhodhnuithe, léirítear go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte. Bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais, bhí siad comhréireach leis na spriocanna athbhreithnithe agus thacaigh na ríomhanna mionsonraithe agus an fhianaise leo, agus mar sin de ní raibh aon athrú ar réasúntachta ná inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(21) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Chipir chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(22) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Rannchuidiú airgeadais*

(23) Is é EUR 1 022 123 510 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Chipir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire, ba cheart gurb é EUR 1 020 223 681 an méid sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Chipir.

(24) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

---

8 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(25) Tá an Cinneadh seo gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear leis an gCinneadh seo an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cipire.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*